

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 27

Comhar Idirnáisiúnta

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar chúnamh forbartha oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais ar leith agus ar ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gcúnamh forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €3.543 milliún a ghéilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe in imlitir 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Sócmhainní caipítíl

Tá glanluach na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipítíl bunaithe ar luachálacha tréimhsiúla, le breiseanna agus feabhsúcháin ar an talamh agus foirgnimh ina dhiaidh sin ar ghlanchoistas.

Is é an modh athluachála a úsáideadh an luach margaidh atá ann faoi láthair bunaithe ar choinníollacha margaidh áitiúil.

Dímheas

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil chun críche an chuntais seo.

Ní dhéantar na foirgnimh a dhímheas.

Idirbhearta rátaí malairte

Aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí coigríche go euro ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí coigríche go euro ag ráta malartaithe an mhargaidh a bhíonn i bhfeidhm ag tús na míosa.

Aisíocaíochtaí deontas

Déantar deontais a maoiníodh ón gciste comhoibriú déthaobhach agus gcúnamh daonnúil a aisíoc leis an gciste nuair a fhaightear iad.

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtugtar faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá sa chóras um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a choinneáil faoi athbhreithniú seasta.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhís comhroinnte párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

Timpeallacht um rialú airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Leagadh amach socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistithe rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmiligin agus cuntasachta, agus go háirithe, maidir leis an méid seo a leanas:

- go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht,
- go ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn lena ngabhann foireann atá oile go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Téann anailís ar na rioscaí sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm Iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá próiseas foirmeálta i bhfeidhm chun go leantar suas moltaí a chur i gcrích ó thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar chonradh neamhiomaíoch amháin sa bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le hmlitir 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Comhlíontacht cánach misean

Is é polasaí na Roinne cloí le hoibleagáidí cánach agus árachais shóisialta áitiúil ina mbíonn misin lonnaithe. Déanann na Rannáin Acmhainní Daonna agus Airgeadais oibleagáidí cánach na dtíortha óstacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach trí athbhreithniú deisce ó fhoirne ag an gceanncheathrú agus trí chuariteanna misin rialta. Chomh maith leis sin, áirítear athbhreithniú ar chomhlíontacht leis na hoibleagáidí cánach áitiúla in iniúchadh bliantúil seachtrach na Roinne ar na misin dhéthaobhacha níos mó. Áiríonn an Roinn freisin feachtas ardú maidir le cáin áitiúil agus maidir le hoibleagáidí i dtaobh árachas sóisialta mar chuid dá clár oiliúna don fhoireann roimh phostú thar lear.

Ina theannta sin, coinníonn cuntasóirí atá cáilithe go cuí agus iniúcháirí inmheánacha sna misin dhéthaobhacha níos mó an comhlíontacht sin faoi athbhreithniú.

Rioscaí suntasacha airgeadais

Baineann rioscaí dúchasacha le cúnamh forbartha agus aithním na rioscaí sin agus déanaim iarracht iad a bhainistiú agus a mhaolú. Tá rialuithe láidre i bhfeidhm ag an gceannoifig, mar a leagtar amach thuas, agus cuireann na rialuithe seo a leanas leo sna tíortha atá i gcomhpháirt linn mar atá leagtha amach thíos.

Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh a Fheabhsú

Chomh maith leis na rialuithe atá i bhfeidhm ag an gceannoifig, tá na rialuithe seo a leanas i bhfeidhm sna tíortha atá i gcomhpháirt linn chun na rioscaí dúchasacha i gcúnamh forbartha a mhaolú.

- Chomh maith leis an ambasadóir, tá bainisteoirí ag ambasáidí atá freagrach go sonrach as an gclár cúnamh a bhainistiú.
- Chomh maith leis an ambasadóir, tá speisialtóirí forbartha agus comhairleoirí/bainisteoirí cláir atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí acu san áireamh i struchtúr bainistithe na hambasáide.

- Tá próiseas mion pleanála agus ceadaithe ann do gach clár tíre lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar straitéis mhisin a chlúdaíonn leasanna forbartha, trádála agus polaitíochta na hÉireann i ngach cás. Is féidir le straitéisí misin a bheith ann suas go cúig bliana, agus iad curtha in oiriúint do chúinsí áitiúla. Déantar gach straitéis mhisin a mheas ina tús trí phróiseas dearbhaithe cáilíochta seachtrach neamhspleách (EQA) sula gceadaítear iad; tá gach straitéis mhisin faoi réir próiseas athbhreithnithe lár téarma chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomórtas le cuspóirí agus spriocanna; agus déantar gach straitéis mhisin a mheas trí athbhreithniú neamhspleách ar deireadh roimh an gcéad chúrsa straitéise eile.
- Tá próisis pleanála gnó bliantúla láidre ar bun ag gach misean, lena n-áirítear rioscaí a aithint agus measúnú a dhéanamh orthu maidir le cur i bhfeidhm plean gnó agus tá rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déantar pleananna gnó agus clár rioscaí a fhorbairt i gcomhar leis an gCeannoifig agus déantar monatóireacht orthu agus iad a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá ar bhonn ráithiúil. Tuairiscítear rioscaí móra misin suas chuig an gCoiste Bainistithe Riosca agus chuig an mBord Bainistíochta i gcomhréir le Polasaí Bainistithe Riosca na Roinne.
- Tá feidhm airgeadais ar bun go háitiúil ag gach Ambasáid, faoi cheannas ceannasaí airgeadais cuícháilithe a thuairiscíonn chuig an Ambasadóir agus chuig an Rannán Airgeadais sa cheannoifig araon.
- Tá lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm ina leagtar amach na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le gach idirbheart riaracháin agus gach idirbheart a bhaineann le deontais.
- Tá iniúcháirí inmheánacha i bhfeidhm i ngach ambasáid, a thuairiscíonn go díreach chuig an Ambasadóir, agus a bhfuil obair iniúcháireachta inmheánaí na hambasáide déanta mar chuid de phlean oibre/straitéis iniúcháireachta inmheánaí na Roinne ar an iomlán atá bainistithe ag Aonad Meastóireachta agus Iniúchta neamhspleách na Roinne. Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchta maoirseacht ar an obair agus cinntíonn sé go ndéantar an obair faoi réir na gCaighdeán Iniúchta Inmheánaigh a nglactar leo go hidirnáisiúnta. Ina theannta sin, tá roinnt ambasáidí móra faoi réir iniúcháireacht airgeadais inmheánach a dhéanann gnólacht iniúcháirí tríú páirtí.

Ina theannta sin, maidir le híocaíochtaí na ceannoifige do chúnamh forbartha thar lear (lena n-áirítear maoiniú daonnúil, iltaobhach agus sochaí shibhialta), tá meicníochtaí pleanála gnó láidre i bhfeidhm, lena n-áirítear an buiséad in iomlán a cheadú ag an gCoiste Idir-rannach Cúnamh Forbartha, monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ag an nGrúpa Bainistíochta Sinsearaí dhá uair sa mhí agus réamhnósanna imeachta agus iarnósanna imeachta bainistíochta leithdháilte deontais láidre.

Leantar de bhéim a chur lena chinntiú go bhfuil córas láidir bainistithe riosca i bhfeidhm ar fud an chláir cúnamh, lena n-áirítear rialuithe chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le hathruithe i bpróifíl riosca a bhraitear i ndáil le haon ghné den chlár ionas gur féidir gníomh cuí a ghlacadh a luaithe agus is féidir.

Úsáidtear an gnáthchur chuige maidir le bainistíocht deontais chun na deontais ar fad a bhronnadh, agus ba cheart go gcinnteodh sin leanúnachas maidir le cuir chuige i leith bainistithe deontais ar fud an chláir.

Táim tiomanta a chinntiú go leanfaimid orainn ag athbhreithniú agus ag neartú ár gcóras aitheanta agus bainistithe riosca nuair is gá agus go leanfar le monatóireacht agus le hiniúcháireacht a dhéanamh chun an baol go mbainfí mí-úsáid as cistí amach anseo a íoslaghdú.

Tiomantais deontais

Tá an Roinn i mbun córas bainistithe deontas leictreonach a fhorbairt lena n-iarrrfar gach tiomantas deontais a rianú agus lena gcuirfear eolas atá cothrom le dáta ar fáil maidir le hoibleagáidí na Roinne i leith tiomantais chonartha mar sin. In éagmais córais mar sin, ní fhéadfadh an nochtadh mionsonraithe a iarradh sna cuntais leithreasa maidir le gluaiseacht na dtiomantas deontais a chur ar fáil. Tá meastachán maidir leis na hoibleagáidí gan fóc amhail an 31 Nollaig 2023 curtha ar fáil i Nóta 2.7 áfach.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha..

Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchta athbhreithnithe tréimhsiúla chomh maith ar chóras bainistithe riosca na Roinne mar chuid dá phlean ilbhliantúil iniúcháireachta inmheánaí.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na bearta atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialála inmheánaigh airgeadais

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa maidir le 2023.

Joe Hackett
An tOifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

26 Márta 2024

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 27 – Comhoibriú Idirnáisiúnta

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 27 – Comhoibriú Idirnáisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 27 – Comhoibriú Idirnáisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

12 Meitheamh 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainiúim agus measúim rioscaí an mhírátis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmim nósanna imeachta iniúcháireachta a fheagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúaim cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithníim le linn m'iniúchta.

Tuairiscim de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnothaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainiúim aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidilí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í

Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Cuntas Leithreasa 2023

		2023		2022
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocras			
	Bunaidh	716,516		
	Forlíontach	25,000		
		741,516	738,521	632,022
Ollchaiteachas		741,516	738,521	632,022
Lúide				
B	Leithreasaí i gcabhair	1,030	1,578	1,676
Glanchaiteachas				
	Bunaidh	715,486		
	Forlíontach	25,000		
		740,486	736,943	630,346

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlíte lena ghéilleadh don Stáitchiste.

	2023	2022
	€	€
Farasbarr le géilleadh	3,542,837	3,555,873

Joe Hackett
An tOifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

26 Márta 2024

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

	2023	2022
	€000	€000
Costas an chláir	695,639	593,851
Pá	23,669	22,480
Neamhphá	19,213	15,691
Ollchaiteachas	738,521	632,022
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí i gCabhair	1,578	1,676
Glanchaiteachas	736,943	630,346
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Réadmhaoín, fearas agus trealamh</i>		
<i>(nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(3,265)	
Dímheas	363	
Fáltais na ndiúscairtí	49	
Brabach ar dhiúscairtí	(43)	
Athruithe iomlána ar shócmhainní caipitil	(2,896)	11
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
(Méadú)/laghdú ar réamhíocaíochtaí	(264)	
Méadú/(laghdú) ar speansais fhabhráithe	78	
	(186)	(335)
Caiteachas díreach	733,861	630,022
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	438	420
Glanhostas an chláir	734,299	630,442

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara^a

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 27 a d'eascair in áit éigin eile.

		2023	2022
		€000	€000
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	406	391
Vóta 18	Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta	32	29
		438	420

Nóta ^a Tá pinsin foirme, a tabhaíodh i ndáil leis an Vóta agus a gearradh ar Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir, aitheanta ar nóta glanseirbhísí gaolmhara Vóta 28.

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní seasta			
Maoín, gléasra agus trealamh	2.1	15,972	13,076
Sócmhainní seasta iomlána		<u>15,972</u>	<u>13,076</u>
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	3,231	8,140
Réamhíocaíochtaí	2.3	2,604	2,340
Iarmhéideanna dochair eile		1,729	125
Glanmhaoiniú Státchiste	2.5	697	(3,557)
Iomlán na sócmhainní reatha		<u>8,261</u>	<u>7,048</u>
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		431	353
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.4	854	722
Cuntas ciste cúnaimh dhéthaobhaigh agus comhoibrithe eile (deontas)	7	4,803	3,986
Iomlán na ndliteanas reatha		<u>6,088</u>	<u>5,061</u>
Glansócmhainní reatha		<u>2,173</u>	<u>1,987</u>
Glansócmhainní		<u>18,145</u>	<u>15,063</u>
Arna Léiriú ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.6	<u>18,145</u>	<u>15,063</u>

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

	Foirgnimh	Trealamh	Troscán agus feistis	Feithiclí	Sócmhainní arna bhforbairt ^a	Iomlán ^a
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil						
Ag 1 Eanáir 2023	11,773	1,858	789	3,286	791	18,497
Suimeanna Breise	2,750	39	—	476	—	3,265
Diúscairtí	—	(6)	(13)	(278)	—	(297)
Ag 31 Nollaig 2023	14,523	1,891	776	3,484	791	21,465
Dímheas carntha						
Ag 1 Eanáir 2023	—	1,655	732	3,034	—	5,421
Dímheas don bhliain	—	134	13	216	—	363
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(6)	(13)	(272)	—	(291)
Ag 31 Nollaig 2023	—	1,783	732	2,978	—	5,493
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2023	14,523	108	44	506	791	15,972
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2022	11,773	203	57	252	791	13,076

Nóta ^a I measc na sócmhainní caipitil atá á bhforbairt tá táillí deartha a íocadh i leith tionscadal tógála in Abuja. Ó 2023, déantar gach mórtionscadal tógála a bhainistiú agus a mhaoiniú le Vóta 28, an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Muirearaíodh costais €3,936,000 san iomlán in 2023 ar Vóta 28 i ndáil leis an tionscadal tógála seo. Tar éis an tionscadal a chríochnú, aistrefar an foirgneamh chuig Vóta 27 ar an gcostas a tabhaíodh i Vóta 28.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
larmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	847	6,266
larmhéid an chuntais bainc tráchtála	299	231
larmhéideanna bainc agus airgid thirim an mhisin	2,085	1,643
	3,231	8,140

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Cíosanna misin	1,411	1,388
Eile	1,193	952
	2,604	2,340

2.4 larmhéideanna creidmheasa eile

ag 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Méideanna atá dlíte don Stát		
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	64	67
Cáin bhreisluacha	55	26
	119	93
larmhéideanna creidmheasa eile	735	629
	854	722

2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

ag 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	3,543	3,556
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(4,240)	1
Glanmhaoiniú Státchiste	(697)	3,557

Arna Léiriú ag:**Féichiúnaithe**

Banc agus airgead tirim	3,231	8,140
Iarmhéideanna dochair eile	1,729	125
	<u>4,960</u>	<u>8,265</u>

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(119)	(93)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	(735)	(629)
Cuntas ciste cúnaimh dhéthaobhaigh agus comhoibrithe eile (deontas)	(4,803)	(3,986)
	<u>(5,657)</u>	<u>(4,708)</u>
	(697)	3,557

2.6 Cuntas an mhaoinithe stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		15,063	14,739
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	740,486	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	<u>(3,543)</u>	
Glanvóta		736,943	630,346
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1	438	420
Glanchostas an chláir	1	<u>(734,299)</u>	<u>(630,442)</u>
Iarmhéid ag 31 Nollaig		18,145	15,063

2.7 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda	2023	2022
ag 31 Nollaig	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear ceangaltais chíosa	7,118	7,691
Cláir deontais neamh-chaipitil	722,976	185,574
Iomlán na gceanglas is infhorfheidhmithe le dlí	730,094	193,265

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2023	2022
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	26,064	22,480
ii	Taisteal agus cothú	2,220	2,007
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,970	1,964
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,895	1,799
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,225	1,246
vi	Costais áitribh oifige		
	<i>Bunaidh</i>	8,500	
	<i>Forlíontach</i>	1,000	
		9,500	5,797
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	400	301
viii	Tacaíochtaí promóisin agus tacaíochtaí i leith ábhar a phostáiltear	2,590	2,577
		45,864	38,171

Clár A Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais

		2023		2022
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	Toradh €000
A.1	Riarachán – pá		26,064	23,669
A.2	Riarachán - neamhphá			22,480
	<i>Bunaidh</i>	18,800		
	<i>Forlíontach</i>	1,000		
			19,800	19,213
A.3	Comhoibriú déthaobhach agus cúnamh daonnúil			15,691
	<i>Bunaidh</i>	594,290		
	<i>Forlíontach</i>	24,000		
			618,290	618,290
A.4	Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa na dtíortha i mbéal forbartha		30,487	30,486
A.5	Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile		46,875	46,863
				43,800
			741,516	738,521
				632,022

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair

		2023		2022
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Leithreasaí i gCabhair	449	939	1,076
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	580	639	600
3	Earraí Ilghnéitheacha	1	—	—
	Iomlán	1,030	1,578	1,676

Athruithe suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i leithreasaí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €548,000 milliún níos airde ná mar a bhí tuartha ar dtús. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 Leithreasaí i gCabhair

Soláthar meastacháin €450,000; toradh €939,000

Ba mar thoradh ar tháillí víosaí méadaithe a fuarthas ó nuair a tosaíodh ag taisteal arís i ndiaidh Covid-19. Tá leibhéal na dtáillí víosa bunaithe ar éileamh agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair iad a thuar.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéis lánaimseartha	2023	2022
Líon na foirne ag deireadh na bliana	626	583

5.2 Pá

	2023	2022
	€000	€000
Pá	19,382	18,490
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	53	65
Liúntais eile	2,141	1,793
Ragobair	27	25
ÁSPC an Fhostóra	1,577	1,514
Leas sóisialta eachtrach agus costais eile	489	593
Pá iomlán ^a	23,669	22,480

Nóta ^a Ina theannta sin, tabhaítear costais foirne d'fhoireann atá fostaithe sna misin chun slándáil a thabhairt agus atá fostaithe chun críocha an chláir a chur ar fáil. Gearrtar na costais sin ar chostais slándála i gcostais riaracháin neamhphá agus ar chostais an chláir, de réir mar is cuí.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2023	2022
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	10	2	22,309	21,619
Liúntais eile	110	67	75,114	90,618
Ragobair	17	—	8,337	9,531
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2	2	13,456	16,008

5.4 Foireann Vóta 27 de réir banda pá

Is mar seo a leanas atá líon fostaithe Vóta 27 a raibh laghdú idir €20,000 agus €59,000 ar a líon sochar fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 agus níos mó:

Bandaí pá (€)		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2023	2022
20,000	59,999	138	147
60,000	69,999	19	18
70,000	79,999	27	31
80,000	89,999	13	22
90,000	99,999	20	12
100,000	109,999	12	15
110,000	119,999	11	14
120,000	129,999	10	6
130,000	139,999	8	3
140,000	149,999	3	3
150,000	159,999	4	1
160,000	169,999	1	—
170,000	179,999	2	—
180,000	189,999	1	—
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	1

5.5 Socruithe luach saothair eile

Athfhostaíodh seisear (2022:cúigear) státseirbhíseach ar scor agus iad ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ag costas iomlán de €12,598 (2022: €99,629). Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ag 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2023 €	2022 €
Ró-íocaíochtaí	12	28,994	12,230
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	3	1,678	4,097

5.7 Scaoilíocaíochtaí/iomarcaíocht

Íocadh scaoilíocaíocht arbh fhiú €6,723 í le linn na bliana 2023 le ball foirne amháin ar cuireadh deireadh lena chuid fostaíochta.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Ní ghearrtar tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ar an Vóta seo, agus tá sé san áireamh sa chuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Ranníocaíochtaí do ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus do ghníomhaireachtaí forbartha eile (A.5)

Miondealú atá anseo a leanas ar na híocaíochtaí faoi fhotheideal A.5. D'fhéadfadh íocaíochtaí breise a dhéanamh le comhlachtaí páirtithe liostaithe ó fhotheideal A.3.

	2023	2022
	€000	€000
Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP)	8,250	7,750
Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF)	7,700	8,200
Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR)	11,500	10,500
Ciste Dhaonra na Náisiún Aontaithe	4,500	4,000
Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine	3,830	3,272
UNAIDS	2,500	2,500
Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (UNIFEM)	2,000	2,000
Ciste Iontaobhais Ginearálta NA	1,600	1,050
Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe	422	380
Ciste NA um Chothú na Síochána	3,000	2,500
Ciste Iontaobhais Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP)	—	150
Oibrithe deonacha na Náisiún Aontaithe	1,100	1,200
Eile - ilghnéitheach	461	298
	46,863	43,800

Nóta 7 Cuntas Ciste cúnaimh dhéthaobhaigh agus comhoibrithe eile (deontas)

Cuntas fáltais agus na n-íocaíochtaí i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir	3,986	8,061
Deontas	618,290	513,710
Méideanna a fuarthas ar ais i rith na bliana	721	1,695
Caiteachas don bhliain	(618,266)	(519,269)
Gluaiseachtaí in iarmhéideanna bainc i seilbh misin	72	(211)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	4,803	3,986